

Ar sliocht Gaoidheal ó Ghort Gréag

[Watson, W. J. *Scottish Verse from the Book of the Dean of Lismore* (Scottish Gaelic Texts Society, Volume 1, Edinburgh 1937), poem 20, p. 158]

1 Ar sliocht Gaodhal ó Ghort Gréag  
ní fheil port ar a gcoimhead,  
dá dteagmhadh nach b'aordha lat  
sliocht Gaodhal do chur tharat.

2 Is dú éirghe i n-aghaidh Gall,  
nocha dóigh éirghe udmhall;  
faobhair claidheamh, reanna ga,  
cóir a gcaitheamh go h-aodhbha.

3 Ré Gallaibh adeirim ribh,  
sul ghabhadar ar ndúthaigh;  
ná léigmid ar ndúthaigh dhínn,  
déinmid ardchogadh ainmhín,  
ar aithris Gaoidheal mBanbha,  
caithris ar ar n-athardha.

4 Do-chuala mé go roibh sin  
uair éigin Inis Incin  
fá smacht ag fine Fomhra:  
racht le bile Bóromha.

5 Nó go dtánaig Lugh tar linn,  
mór bhfian darab maith dírim,  
dár marbhadh Balar ua Néid:  
budh samhladh dhúinn a leithéid.

6 Seala do Ghallaibh mar sain  
ag íoc cíosa as an dúthaigh;  
[...] ar eagal gach cinn,  
mór atá teagamh orainn.

7 Cia anois ar aithris an fhir  
fhóirfeas Gaoidheil ar Ghallaibh,  
rér linne, mar do-rinn Lugh  
taobhadh a chine ó anghuth?

8 Aithnid domh, dámadh áil leis,  
duine dh'fhéadfadh a aithris,  
*Lughaidh* ar feadh na Banbha:  
cubhaidh duit a ionnshamhla.

9 Ghill-easbuig nach d'eitigh d'fhear,  
is tú an Lugh fá dheireadh;  
a Iarla Oirir Ghaidheal,

bí id churaidh ag commaoidheamh.

10 Cuir th'urfhógra an oir 's an iar  
ar Ghaoidhlibh ó Ghort Gáilian;  
cuir siar thar ardmhuir na Goill,  
nach biadh ar Albain athroinn.

11 Do chuir Lugh nár loc troda  
lé chlaidheamh *géar ceannchodad*  
Éire fá smacht Gaoidheal nGréag  
[.....].

12 Na fréamha ó bhfuilid ag fás,  
díthigh iad, mór a bhforfhás,  
nach faighthear Gall beó dot éis,  
ná Gaillseach ann ré *h-aisnéis*.

13 Loisg a mbantracht nac maith mín,  
loisg a gclannmhaicne ainmhín,  
is loisg a dtighe dubha,  
is coisg dhínn a n-anghutha.

14 Léig le h-uisge a luathre sin,  
i ndiaidh loisgthe dá dtaisibh;  
ná déan teóchroidhe a beó Gall,  
a eó bheóghoine anbhfhann.

15 Cuimhnigh féin, a ghruaidh mar shuibh,  
go bhfuil orainn ag Gallaibh  
annsmacht réd linn agus pléid  
'nar chinn gallsmacht [...].

16 Cuimhnigh Cailéin th'athair féin,  
cuimhnigh Gill-easbuig ainnséin,  
cuimhnigh Donnchadh 'na ndeaghaidh,  
an fear conchar cairdeamhail.

17 Cuimhnigh Cailéin eile ann,  
cuimhnigh Gill-easbuig Arann;  
's Cailéin na gceann, mór a chlí,  
lér gabhadh geall an [...].

18 Cuimhnigh nach tugsad na fir  
umhla ar uamhan do Ghallaibh;  
cia mó fá dtugadh tusa  
umhla uait an dula-sa?

19 Ó nach mair acht fuidheall áir  
do Ghaoidhlibh ó ghort iomgháidh,  
teagair lé chéile na fir,

's cuir th'eagal féine ar náimhdibh.

20 Saigh ar Ghallaibh 'na dtreibh féin:  
bí id dúsgadh, a Mheic Cailéin:  
d'fhear cogaidh, a fholt mar ór,  
ní maith an codal ramhór. Mór an